



Féile Litríochta Chorca Dhuibhne

Nuacht TG4 (Leibhéal B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi fhéile litríochta. Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigh na ceistanna seo le chéile:

1. An léann tú leabhair? Cén cineál leabhar?

Léim:
úrscéalta
gearrscéalta
leabhair rómánsúla
scéinséirí
leabhair ficsean eolaíochta
leabhair pholaitíochta
leabhair staire
greannáin

2. An léann tú nuachtáin? Cén cineál nuachtán?

Ceannaím *The Irish Times* gach lá.
Léim www.tuairisc.ie ar líne gach maidin.
Ní léim ach *The Sunday Times* ag an deireadh seachtaine.
Léim irisí faoi chúrsaí spóirt.

3. An léann tú postálacha ar na meáin chumarsáide? Cén cineál postálacha?

Léim m'fhotha *Twitter* cúpla uair sa lá.
Is maith liom *Facebook* le coinneáil i dteagmháil le daoine.
Ní léim aon ní ar líne níos mó. D'éirigh mé as.

4. Ar chuala tú faoi 'Bailiúchán na Scol'? Mura bhfuil eolas agat faoi, téigh go dtí <https://www.duchas.ie/ga/cbes>. Cad a cheapann tú faoi anois?

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

leathchéad	stress, emphasis
leithinis	work, corpus
béim	attending
ceardlann	(put) in storage
ar an bhfód	workshop
ag freastal ar	fifty
saothar	record
chnuasaigh	on the scene
taifead	peninsula
(cuir) i dtaisce	collected

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Tá an fhéile _____ le ceithre bliana anuas.
- Eagróidh na húdair _____ filíochta freisin.
- Cuirfear an _____ i gCnuasach Bhéaloideas Éireann.
- Beidh daoine _____ a lán ceardlanna scríbhneoireachta.
- Beidh _____ údar ar an _____ don fhéile.
- Is breá liom _____ John Banville.
- _____ leanáí óga na tíre fadó ábhar an-saibhir atá sna cartlanna anois.
- Beidh _____ ar scríbhneoirí óga sna ceardlanna.

2. Tá dhá fhocal san fhocal 'béaloideas'. Cad iad?

3. Cad é Cnuasach Bhéaloideas Éireann?

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Cad a dúirt na cainteoirí ar fad? Meaitseáil na cainteoirí ar chlé leis an eolas cuí ar dheis. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Na cainteoirí	An méid a dúirt siad...
1. Dairena Ní Chinnéide	a) Tháinig teifigh óga ón Úcráin.
2. Siobhán Prendergast	b) Bhí muintir an bhaile míshásta faoi dhúnadh na pictiúrlainne.
3. Dalta 1	c) File, a léigh amach dán.
4. Dalta 2	d) Tá sé tábhachtach taifead a choimeád ar an saol atá againn inniu.
5. Dalta 3	e) Beidh béim ar shaothar nua. Beidh fáilte roimh scríbhneoirí nua, chomh maith le scríbhneoirí a bhfuil aithne againn orthu.
6. Jonny Dillon	f) Tá siúinéir ar an mbaile, a bhfuil dúil mhór aige sa tseoltóireacht.

1	2	3	4	5	6

Féachaigí ar an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an briathar Bí san aimsir fháistineach)

a) Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge:

*I will be in class tomorrow.
She will not be at the party tomorrow night.
Will there be a lot of people attending the festival?
It will be much anticipated. (Briathar saor)*

b) Cum ceisteanna leis an mbriathar **Bí** amháin, le cur ar an duine in aice leat, faoin méid a bheidh ar siúl acu ag an deireadh seachtaine. Mar shampla:

*An mbeidh tú ag fanacht i mBaile Átha Cliath?
An mbeidh aon duine ag tabhairt cuairt ort?
An mbeidh an aimsir go maith?*

2: Cruinneas gramadaí (na forainmneacha réamhfhoclacha)

a) Féach ar na samplaí seo den fhorainm réamhfhoclach a bhí le cloisteáil sa mhír:

‘Fáilte **romhaibh** thar n-ais.’
‘Cuirfidimid béim ar na húdair leis nach bhfuil aithne mhaith **againn** orthu.’
‘Ní dóigh **linn** go bhfuil aon rud, abair, ró-eisceachtúil ar an saol.’

Líon isteach an tábla anois:

romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
agam						
liom						

b) Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas leis an bhforainm réamhfhoclach cuí **ón tábla a líon tú isteach faoi chuid (a)**.

*Bhí Sorcha in éineacht _____ sa bhaile mór.
Fáilte isteach, a Ghráinne. Tá fáilte _____.
Bhí an-ocras ar Sheán agus d'íth sé gach rud a bhí _____.
Tá gluaisteán nua ag Pól agus tá Cathal in éad _____.
Ar mhiste leat lón a cheannach do Mháire agus do Cholm? Níl aon airgead _____.*

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Caithfidh sibh deich rud a chur i dtaisceadán todhchaí (*time capsule*). Cad a chuirfidh sibh ann? Bígí cúramach áfach! Is cinnte nach mbeidh sibh ar fad ar aon intinn faoi gach rud. Beidh oraibh comhghéilleadh agus teacht ar chomhréiteach. Caithfidh sibh a bheith in ann a rá freisin cén fáth ar roghnaigh sibh na rudaí. Mar shampla:

- ✓ *Ba cheart luchtaire gutháin a chur ann mar ní féidir linn an teach a fhágáil gan é!*
- ✓ *Ba cheart féinín a ghlacadh den ghrúpa le cur ann chun léargas a thabhairt ar an bhfaisean inniu.*

2: Scríobh

Anois, scríobh amach liosta den deich rud agus an chúis ar roghnaigh sibh iad. Mar shampla:

- Luchtaire gutháin: Bímid ag brath ar an nguthán póca le haghaidh gach gné dár saol inniu. Nuair a bhíonn an ceallra marbh, bíonn muid cailte.*



AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais¹. Anois, beidh breis agus leathchéad údar le clos² ag Féile Litríochta Chorca Dhuibhne an deireadh seachtaine seo. Is í seo an ceathrú bliain ag an bhféile ar an leithinis agus leagfar béim ar cheardlanna filíochta agus ar scríbhneoirí óga.

Seán Mac an tSíthigh

An file, Dairena Ní Chinnéide, duine de na healaíontóirí focal a bheidh le clos ag Féile Litríochta Chorca Dhuibhne an deireadh seachtaine seo. Féile atá ar an bhfód le ceithre bliana anois. Beidh deis ag daoine freastal ar os cionn tríocha imeacht i gcaitheamh an deireadh seachtaine; os cionn leathchéad údar páirteach iontu. Chomh maith leis sin, tá go leor ceardlann á reáchtáil, iad dírithe ar óg agus aosta.

Siobhán Prendergast, Féile Litríochta Chorca Dhuibhne

Bhuel, fiú go bhfuil údair mór le rá againn, cosúil le John Banville, Martina Devlin, Donal Ryan againn, cuirfidimid béim ar na húdair leis, nach bhfuil aithne mhaith againn orthu. Agus, tá siad go léir ar an stáitse céanna. Chomh maith leis sin, tá béim mhór ar cheardlanna. Ní hamháin go mbeadh na húdair ag léamh amach as a gcuid saothair atá foilsithe cheana féin, ach, ba mhaith linn go mbeadh litríocht nua ag teacht amach as an bhféile agus dá bharr sin, tá an-chuid ceardlann ar siúl againn.

Seán Mac an tSíthigh

Seo cóip de leabhar a bhreac daltaí scoile Bhaile an Fheirtéaraigh in 1933, tráth a chnuasaigh leanaí scoile na tíre cartlann bhéaloidis fhíorshaibhir.

Dalta 1

‘Na hÚcráinigh. Tháinig cuid de na leanaí chugainn anseo tar éis na Cásca agus...’

Seán Mac an tSíthigh

Mar chuid den bhféile³ litríochta seolfar Bailiúchán na Scol.

Dalta 2

‘Siúinéir is ea Pat ach b’fhearr leis a bheith amuigh ar an bhfarraige dó féin...’

Seán Mac an tSíthigh

Iarracht bhailithe 2022, taifead ar shaol an lae inniu, a chuirfear i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann i mBaile Átha Cliath.

Dalta 3

‘Dhún an phictiúrlann sa Daingean anuraidh agus tá gach éinne bailithe go maith faoi seo...’

Jonny Dillon, Cartlannaí, Cnuasach Bhéaloideas Éireann

Go mbeadh taifead amach anseo, an saol mar a bhí, mar is dóigh linn, sa lá atá inniu ann, ní dóigh linn go bhfuil aon rud, abair, ró-eisceachtúil ar an saol. Ach, i gceann céad bliain, le cúnamh Dé, más rud é go mbeadh daoine ag breathnú siar ar an stuif seo. Tugtar léargas an-spéisiúil ar an saol agus ar radharc

¹ ‘Thar n-ais’ a deirtear i nGaeilge na Mumhan.

² clos = leagan canúnach de ‘cloisteáil’

³ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.

Féile Litríochta Chorca Dhuibhne

gnáthdhaoine ar an saol acusan. Táimid ag iarraidh taifead a choimeád ar an dúiche agus smaointe agus saol na bpáistí seo.

Seán Mac an tSíthigh

Cuirfear tús leis an bhféile tráthnóna Dé hAoine. Sruthán na bhfocal ag coimeád teasa le tine samhlaíochta. Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.

Scamail

Le Dairena Ní Chinnéide

Súgán bán scamail
leathchrochta ar an gcnoc,
ar nós breachta ceilte

moillíonn rithim an lae
thar ceo
fé chaidhp scamail

néalchonair ag cniotáil
siogairlíní bána ar...
ghoirme spéire

Cluthair ar nós clúimh
Cumalas ar nós craicinn
lata ar nós cuirtín

ina bhratach uisciúil
ar theacht an tráthnóna

Gluais:

súgán – straw-rope
breachta = briocht – charm
caidhp – cap
conair – path
siogairlín – hanging ornament, pendant
cluthair – shelter
clúmh – down, feathers

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna faoi léitheoireacht. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí agus ag cuidiú leo. Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar an tábhacht a bhaineann le Bailiúchán na Scol. Má tá an t-am agat sa rang, d'fhéadfá deis a thabhairt do na foghlaimeoirí a bheith ag surfáil ar an suíomh agus eolas faoina gceantair dhúchais féin a aimsiú. Is féidir iarraidh orthu a leithéid a dhéanamh mar obair bhaile freisin.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

leathchéad	fifty
leithinis	peninsula
béim	stress, emphasis
ceardlann	workshop
ar an bhfód	on the scene
ag freastal ar	attending
saothar	work, corpus
chnuasaigh	collected
taifead	record
(cuir) i dtaisce	(put) in storage

2. Féach:

- Tá an fhéile **ar an bhfód** le ceithre bliana anuas.
- Eagróidh na húdair **ceardlann** filíochta freisin.
- Cuirfear an **taifead i dtaisce** i gCnuasach Bhéaloideas Éireann.
- Beidh daoine **ag freastal ar** a lán ceardlanna scríbhneoireachta.
- Beidh **leathchéad** údar ar an **leithinis** don fhéile.
- Is breá liom **saothar** John Banville.
- **Chnuasaigh** leanaí óga na tíre fadó ábhar an-saibhir atá sna cartlanna anois.
- Beidh **béim** ar scríbhneoirí óga sna ceardlanna.

3. 'Béal' = mouth agus 'oideas' = teaching. Béaloideas (folklore) = na nósanna agus gnásanna a fhoghlaimimid ónár sinsir trí scéalta a sheachadadh ó bhéal.

4. Cnuasach Bhéaloideas Éireann – National Folklore Collection. Bailiúchán de stair agus de bhéaloideas na tíre atá ann. Tá idir thaifid fuaime, scannáin agus lámhscríbhinní ann. Féach an suíomh: <https://www.ucd.ie/irishfolklore/ga/>.

C: TUISCINT

1	2	3	4	5	6
c	e	a	f	b	d

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an briathar 'bí' san aimsir fháistineach)

a) Féach:

Féile Litríochta Chorca Dhuibhne

I will be in class tomorrow.
Beidh mé sa rang amárach.
She will not be at the party tomorrow night.
Ní bheidh sí ag an gcóisir oíche amárach.
Will there be a lot of people attending the festival?
An mbeidh a lán daoine ag freastal ar an bhféile?
It will be much anticipated. (Briathar saor)
Beifear ag súil go mór leis.

- b) Tabhair deis do gach beirt ceistanna a chur ar a chéile san aimsir fháistineach chun cleachtadh a dhéanamh ar an mbriathar **Bí**.

2: Cruinneas gramadaí (na forainmneacha réamhfhoclacha)

- a) Féach:

romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu
liom	leat	leis	léi	linn	libh	leo

- b) Féach:

*Bhí Sorcha in éineacht **liom** sa bhaile mór.*
*Fáilte isteach, a Ghráinne. Tá fáilte **romhat**.*
*Bhí an-ocras ar Sheán agus d'ith sé gach rud a bhí **roimhe**.*
*Tá gluaisteán nua ag Pól agus tá Cathal in éad **leis**.*
*Ar mhiste leat lón a cheannach do Mháire agus do Cholm? Níl aon airgead **acu**.*

E: CUMARSÁID

1: Caint

Léigh trí na treoracha leis an rang ar dtús agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh machnamh ar na nithe a chuirfidh siad isteach i dtaisceadán todhchaí. Abair leo go gcaithfidh siad ar fad a bheith ar aon intinn faoi cad le cur ann. Ba cheart go mbeidís in ann a rá cén tábhacht a bhaineann leis na nithe ar fad maidir le léargas a thabhairt ar shaol ár linne.

2: Scríobh

Abair leo ansin an liosta agus na cúiseanna, a phléigh siad faoi **Caint**, a scríobh amach.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Lárionad
na Gaeilge**
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláilochta



**An Roinn Turasoireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

